# Vóta 20

# Garda Síochána

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, etc., ar chostais finnéithe áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €3.579 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil a luacháil***

Faoi mar a fhoráiltear dó i gCiorclán 21 de 2020, chuir an Garda Síochána tairseach €1,000 i bhfeidhm le haghaidh a shócmhainní caipitil a chaipitliú.

***Talamh agus foirgnimh***

Tá ocht stáisiún Gardaí ag an Aire Dlí agus Cirt a chuirtear san áireamh i gcuntas leithreasa Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 13).

Úsáideann an Garda Síochána gabháltais talún ag an Teampall Mór lena n-úsáid ag oiliúnaithe chun críocha áineasa. Tá an Garda Síochána ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí lena chinntiú go n-aistrítear gach talamh isteach in úinéireacht an Stáit.

Cuirtear na costais a bhaineann le trí stáisiún Gardaí a fhorbairt, ar costais iad atá á maoiniú ó Vóta an Gharda Síochána, san áireamh sa chuntas leithreasa, mar atá mionsonraithe i Nóta 2.1.

Tá an réadmhaoin ar fad eile a úsáideann an Garda Síochána faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí, agus cuirtear i gcuntas í i gcuntas leithreasa na hOifige sin.

Ní chuimsítear sa ráiteas faoin gcostas oibriúcháin i Nóta 1 suim measchíosa a ríomhadh maidir le réadmhaoine a áitíonn An Garda Síochána agus atá faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt nó Oifig na nOibreacha Poiblí. Mar thoradh air sin, ní léirítear costas iomlán eacnamaíoch na seirbhíse a sholáthair an Garda Síochána sa ráiteas faoin gcostas oibriúcháin.

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil de réir méid cothrom thar a saolré ionchasach mheasta ón mí a cuireadh i gcuntas sa chlár sócmhainní seasta iad. Ríomhtar dímheas ar bhonn míosúil.

Cuirtear na rátaí caighdeánacha dímheasa i bhfeidhm maidir le foirgnimh, trealamh oifige agus TF, agus troscán agus feistis. Baineann na rátaí dímheasa seo a leanas le sócmhainní caipitil eile

- aerárthaí: 5% sa bhliain
- báid: 10% sa bhliain
- feithiclí: 25% sa bhliain
- córais mhóra bogearraí oibríochtúla: 20% sa bhliain.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Garda Síochána córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Choimisinéir an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Garda Síochána agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte airgeadais agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta Dlí agus Ceart agus ó Oifigeach Cuntasaíochta An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a chur i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Gharda Síochána.

Seo a leanas an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ann chun comhairle a thabhairt dom mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach a chomhlíonadh.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith feidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Gharda Síochána
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an nGarda Síochána ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Garda Síochána neamhchosanta orthu bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a fhiosrú. Mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus na srianta a forchuireadh, dhírigh Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána ó Mhárta 2020 go Meitheamh 2020 ar thaighde, iniúchtaí athbhreithnithe agus obair deisce.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Garda Síochána go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Chomhlíon an Garda Síochána na treoirlínte ach amháin i gcás 44 chonradh dar luach iomlán €8,747,148 (gan CBL a áireamh) a síneadh níos faide ná an dáta conartha bunaidh gan soláthar iomaíoch.

Tá bearta déanta ag an nGarda Síochána nuair is infheidhme chun tairiscintí a chur i bhfeidhm in 2021 maidir leis na soláthairtí seo.

Chuir an Garda Síochána sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha ar fáil i dtuairisceán bliantúil Chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an nGarda Síochána a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Faigheann an córas bainistíochta riosca tacaíocht ó Bhord Rialachais Riosca agus Beartais, ó Aonad tiomnaithe Bainistíochta Riosca laistigh den Gharda Síochána agus ó Líonra Curadh Riosca.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an nGarda Síochána agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Rialachais Riosca agus Beartais an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil ar a laghad.

Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne shonracha.

Úsáidtear toradh na measúnuithe riosca chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Fheidhmeannacht, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Tá obair ar siúl ar theipeanna rialaithe a réiteach. Tugann an méid seo a leanas nuashonrú maidir leis na hábhair sin.

*Ró-íocaíochtaí párolla agus pinsin an Gharda Síochána*

Eascraíonn ró-íocaíocht thuarastail chomhaltaí agus bhaill foirne an Gharda Síochána den chuid is mó ón bhfógra déanach faoi shaoire bhreoiteachta, scoir, éirí as, dífhostú, saoire mháithreachais neamhíoctha agus iarratas a thacaíonn le teaghlaigh chuig an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla. Go dtí an 31 Bealtaine 2021, comhaontaíodh pleananna aisghabhála maidir le 10% de phinsin ró-íoctha aitheanta an Gharda Síochána agus comhaontaíodh 65% de phleananna aisghabhála tuarastail ró-íoctha i leith chomhaltaí agus bhaill foirne an Gharda Síochána.

Is é is cúis le ró-íocaíocht phinsin an Gharda Síochána go príomha ná pinsin a íoc roimh ré, seachas i riaráistí mar a dhéantar mar ghnás san earnáil phoiblí.

*Toghairmeacha a eisíodh go mícheart*

D'aithin scrúdú in 2018 toghairmeacha a eisíodh idir an 1 Eanáir 2006 agus an 27 Bealtaine 2016 cásanna daoine a rinne cionta a tugadh os comhair na gcúirteanna go mícheart. Díobh seo, ghearr na cúirteanna pionós in 12,074 chás. Tá an Garda Síochána ag achomharc na dtorthaí seo, le toiliú na ngearánaithe, chun na Cúirte Cuarda. Faoi réir chinneadh na Cúirte, aisíocfar aon fhíneálacha a ghearrfar agus ceartófar gach taifead lena mbaineann. As an 12,074 chás, fuarthas 5,395 fhoirm toilithe chun achomharc a dhéanamh, ar réitíodh 55% díobh. Tá na cásanna eile ag fanacht le hachomharc nó torthaí achomhairc.

*Bainistíocht maoine agus fianaise*

D'aithin iniúchadh inmheánach riaráiste leagáide d'ábhar fianaise a bhí le taifeadadh ar an gCóras Bainistíochta Taispeántas Maoine (PEMS) mar riosca airgeadais agus clú. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le hoscailt agus athchóiriú stórtha an chórais sin chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo.

*Biúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána/an Clár Athstiúrtha Óige*

Deimhníodh nach ndearna comhaltaí an Gharda Síochána próiseáil a fhad le conclúid chuí sa tréimhse ó Eanáir 2010 go hIúil 2017 ar líon mór cásanna in athbhreithniú inmheánach a rinneadh ar theagmhais atreoraithe óige a measadh a bheith oiriúnach lena gcur san áireamh i gClár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin rannpháirtíochta íospartach chun idirchaidreamh réamhghníomhach a dhéanamh le gach páirtí leasmhar seachtrach a bhí i gceist.

Cheadaigh an Coimisinéir *an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chur i bhFeidhm an Athbhreithnithe Atreoraithe Óige 2019 – 2021* le 39 moladh a chuimsiú a d'eascair as obair an Ghrúpa Athbhreithnithe Inmheánaigh um theagmhais atreoraithe óige.

Rinneadh 35 cinn de na 39 ngníomh a chríochnú ag deireadh na bliana 2020.

Tá ceithre ghníomh le críochnú go fóill agus meastar go gcríochnófar na gníomhartha seo in 2021.

*Córas Seolta Ríomhchuidithe*

Déantar glaonna ar sheirbhís ar an nGarda Síochána a phróiseáil trí chóras Seolta Ríomhchuidithe (CAD). D'ardaigh athbhreithniú a rinne an Garda Síochána saincheisteanna maidir le rialtais, próisis agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm maidir le glaonna CAD. Dá bharr sin, cuireadh tús le scrúdú inmheánach, atá ar siúl in 2021. Le linn 2020 agus 2021, cuireadh gníomhartha i bhfeidhm, nó tá gníomhartha á gcur i bhfeidhm, chun aghaidh a thabhairt ar laigí a aimsíodh mar chuid den athbhreithniú go dtí seo.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an nGarda Síochána chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Garda Síochána ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Gharda Síochána atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Paindéim Covid-19***

Próiseas leanúnach é an measúnú ar thionchar phaindéim Covid-19 sa Gharda Síochána. Tá na rioscaí, na tionchair agus na rialuithe agus na gníomhartha maolaithe lena mbaineann mar chuid de phróiseas bainistíochta riosca an Gharda Síochána.

D’imir an Garda Síochána ról bunriachtanach chun cabhrú le bearta sláinte poiblí Covid-19 a chur i bhfeidhm agus le daoine agus pobail a choimeád sábháilte i rith 2020. Leanadh leis an obair eile póilíneachta rith an ama seo freisin.

Tionchar na paindéime ba ea gur foilsíodh roinnt ionstraimí reachtúla in 2020 faoin Acht Sláinte 1947, agus bhí gnéithe de threoir agus forfheidhmiú le déanamh ag an nGarda Síochána i roinnt acu. Mar sheirbhís riachtanach maidir leis na seirbhísí póilíneachta seo agus seirbhísí póilíneachta eile a sholáthar, tugadh uainchlár éigeandála Covid-19 isteach chun infhaighteacht pearsanra a uasmhéadú, rud a bhfuil tionchar airgeadais aige. Ina theannta sin, rinneadh acmhainní a ath-imlonnú chuig dualgais oibríochta túslíne, agus rinneadh fianú mear ar chomhaltaí an Gharda Síochána.

Bunaíodh Aonad inmheánach Comhordaithe Covid-19 chun tacú le pearsanra an Gharda Síochána trí eolas agus comhairle a thabhairt a bhaineann le Covid-19 laistigh den timpeallacht oibre. Leanann an tAonad Comhordaithe le hidirchaidreamh a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí ábhartha agus déanann sé monatóireacht ar nuashonruithe ón Roinn Sláinte agus/nó ó FSS, ón bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí agus ó Fhochoiste na Comh-aireachta.

Déanann an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí bainistiú ar shlándáil, sábháilteacht, cúram sláinte laethúil agus ar na dúshláin oibríochtúla a chruthaíonn an phaindéim agus na bearta gaolmhara a fhorchuirtear. Sa chás gurbh fhéidir, tugadh faoin obair go cianda, agus leanadh le príomhrialuithe inmheánacha airgeadais a dhéanamh agus le rioscaí a mhaolú trí TFC atá cianda agus slán a sholáthar agus trí bheartais/nósanna imeachta reatha a choimeád i bhfeidhm.

Tionóltar cruinnithe rialta ar roinnt leibhéal ar fud na heagraíochta agus le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha, chun freagairt go héifeachtúil agus go héifeachtach don timpeallacht dhinimiciúil athraitheach.

Leanann an Garda Síochána ag obair go dlúth le gach gníomhaireacht ábhartha, chun bearta a ghlacadh atá ar aon dul le beartas poiblí agus leis an gcás atá ag teacht chun cinn.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2020 óna dteastaíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

**JA Harris**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

24 Meán Fómhair 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 20 Garda Síochána

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (ISAs) arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis Garda Síochána agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2020.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2021

# Vóta 20 An Garda Síochána

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,878,569 | | | |
| | *Forlíontach* | 63,900 | | | |
| | | | 1,942,469 | 1,927,814 | 1,794,042 |
| **Ollchaiteachas** | | | **1,942,469** | **1,927,814** | **1,794,042** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 95,988 | | | |
| | *Forlíontach* | 19,575 | | | |
| | | | **115,563** | **117,237** | **121,288** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,782,581 | | | |
| | *Forlíontach* | 44,325 | | | |
| | | | **1,826,906** | **1,810,577** | **1,672,754** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €12,750,000 de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.12 anonn go 2021.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 16,328,658 | 3,135,356 |
| Géilleadh iarchurtha | (12,750,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **3,578,658** | **3,135,356** |

**JA Harris**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

30 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 509,697 | 478,172 |
| Pá | | 1,225,552 | 1,137,561 |
| Neamhphá | | 192,565 | 178,309 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,927,814** | **1,794,042** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **117,237** | **121,288** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,810,577** | **1,672,754** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannach - airgead tirim | (30,276) | | |
| Dímheas | 25,786 | | |
| Diúscairtí - airgead tirim | — | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 123 | (4,367) | (92,894) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (9,419) | | |
| Méadú ar stoc | (1,875) | | |
| | | (11,294) | (1,016) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **1,794,916** | **1,578,844** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 25,503 | 23,175 |
| **Glanchostas an chláir** | | **1,820,419** | **1,602,019** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 20 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 15 | 75 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 21,826 | 19,470 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 2,647 | 2,647 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart – an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais [a] | 2,431 | 2,376 |
| Costais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | (1,416) | (1,393) |
| | | **25,503** | **23,175** |

Nóta [a] Cuirtear costais íocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh leis an bhfoireann shibhialtach san áireamh i Vóta 24 – An Roinn Dlí agus Cirt agus ní chuirtear i dtaifead sa chuntas seo iad mar ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara.

**Seirbhísí eile**

Comhoibríonn an Garda Síochána le seirbhísí eile ar bhealaí éagsúla. Ní léirítear na costais atá i gceist sa tábla thuas. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhsheirbhísí.

- Cuireadh iompar an Gharda Síochána ar fáil mar thionlacan do phearsana na Seirbhíse Príosúin a raibh príosúnaigh á dtabhairt acu go dtí an chúirt.
- Thug Óglaigh na hÉireann cúnamh don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt, gan íocaíocht.
- Cuireadh aerárthaí an Aerchóir ar fáil do phearsanra an Gharda Síochána i rith 2020 gan íocaíocht. Tugadh tacaíocht Aerchóir gan táille freisin maidir le haerárthaí sciathán dobhogtha an Gharda Síochána agus héileacaptair an Gharda Síochána a oibriú.

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 173,415 | 168,609 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 41,662 | 22,988 |
| Stoic | 2.3 | 11,338 | 9,464 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.9 | 22,220 | 11,931 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 29,159 | 23,305 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,321 | 1,760 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **105,700** | **69,448** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.10 | 13,979 | 13,110 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 58,164 | 46,158 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 12,657 | 135 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **84,800** | **59,403** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 20,900 | 10,045 |
| **Glansócmhainní** | | **194,315** | **178,654** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **194,315** | **178,654** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Foirgnimh | Aerárthaí agus báid | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 90,763 | 19,871 | 76,948 | 205,109 | 8,765 | 17,070 | 418,526 |
| Breiseanna | 1,240 | 71 | 15,709 | 3,181 | 9 | 10,505 | 30,715 |
| Diúscairtí | — | — | (5,802) | (6,790) | — | — | (12,592) |
| Coigeartuithe [a] | — | — | — | 17,070 | — | (17,070) | — |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 92,003 | 19,942 | 86,855 | 218,570 | 8,774 | 10,505 | 436,649 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 2,622 | 15,681 | 56,236 | 169,682 | 5,696 | — | 249,917 |
| Dímheas don bhliain | 1,875 | 577 | 9,048 | 13,791 | 495 | — | 25,786 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (5,681) | (6,788) | — | — | (12,469) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 4,497 | 16,258 | 59,603 | 176,685 | 6,191 | — | 263,234 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **87,506** | **3,684** | **27,252** | **41,885** | **2,583** | **10,505** | **173,415** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 88,141 | 4,190 | 20,712 | 35,427 | 3,069 | 17,070 | 168,609 |

Nóta [a] In 2020, críochnaíodh forbairt chóras TFC Schengen (céimeanna I agus II) rud a úsáidtear chun faisnéis a chomhroinnt chun críocha rialaithe teorann i measc tíortha Eorpacha agus aistríodh an costas €17.070 milliún chuig Trealamh oifige agus TF. Tosóidh Céim III i 2021.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 35,851 | 16,223 |
| Iarmhéid an chuntais bhainc tráchtála [a] | 5,811 | 6,765 |
| | **41,662** | **22,988** |

Nóta [a] Tá 104 chuntas bainc thráchtála óinchiste roinne/aonaid á gcoimeád ag an nGarda Síochána, a laghdófar ar aon dul leis an tsamhail oibriúcháin a thabhairt isteach.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 414 | 416 |
| Stoc teileachumarsáide | 1,806 | 1,105 |
| Éadaí | 3,950 | 3,440 |
| Soláthairtí an Bhiúró Theicniúil | 121 | 132 |
| Stoc seirbhíse na Náisiún Aontaithe | 173 | 150 |
| Armlann | 4,286 | 3,549 |
| Ilghnéitheach | 588 | 672 |
| | **11,338** | **9,464** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 2,175 | (1,708) |
| Óinchistí | 725 | 635 |
| Cuntas fionraí párolla (Paypath) | 22,215 | 23,338 |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 898 | 468 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 3,146 | 572 |
| | **29,159** | **23,305** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 28,189 | 21,735 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 13,169 | 9,838 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 2,071 | 1,149 |
| Cáin bhreisluacha | 1,175 | 815 |
| Cáin conarthaí iomchuí | 18 | — |
| Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre | 1,730 | 842 |
| Cáin ar aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí pinsin | 11 | 3 |
| Scéim pinsin na Státseirbhíse | 846 | 460 |
| Iarmhéideanna cuntais ranna an Gharda Síochána | 5,811 | 6,765 |
| | 53,020 | 41,607 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 4,426 | 3,845 |
| Ciste luach saothair an Gharda Síochána (nóta 5.7) | 486 | 491 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 232 | 215 |
| | **58,164** | **46,158** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 3,579 | 3,135 |
| Géilleadh iarchurtha | 12,750 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (3,672) | (3,000) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **12,657** | **135** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 41,662 | 22,988 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 29,159 | 23,305 |
| | 70,821 | 46,293 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (53,020) | (41,607) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (5,144) | (4,551) |
| | (58,164) | (46,158) |
| | | |
| | **12,657** | **135** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 178,654 | 84,744 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,826,906 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (12,750) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (3,579) | | |
| Glanvóta | | | 1,810,577 | 1,672,754 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 25,503 | 23,175 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (1,820,419) | (1,602,019) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **194,315** | **178,654** |

## 2.8 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 49,628 | 54,103 |
| Tionscadail chaipitil | 77,911 | 19,107 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **127,539** | **73,210** |

Nóta B’ionann na ceangaltais maidir le soláthar earraí agus seirbhísí ag deireadh 2020 agus €49.628 milliún. B’ionann ceangaltas Go Safe agus €34.057 milliún, agus conradh a bheidh i bhfeidhm go mí Aibreáin 2023 i gceist leis. I measc na gceangaltas eile, tá TFC €9.693 milliún, ceannach feithiclí €666,000, teileachumarsáid €368,000, saintrealamh €609,000, éadaí €3.277 milliún agus an t-iarmhéid €958,000 i measc fo-mhírchinn eile.

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Ceanncheathrú réigiúnach/roinne: | | | | | |
| • Gaillimh | 30,252 | -— | 1,911 | 32,163 | 32,163 |
| • Sráid Chaoimhín | 34,125 | 1,240 | — | 35,365 | 38,707 |
| • Loch Garman | 26,386 | — | — | 26,386 | 26,961 |
| • An Bóthar Míleata | — | 10,505 | 76,000 | 86,505 | |
| Forbairt córas bogearraí | | | | | |
| • Céimeanna 3a, 3b, 5 de MIMS[a] | 17,392 | — | — | 24,800 | 24,800 |
| • Schengen | 17,069 | — | — | 21,700 | 21,700 |
| | **125,224** | **11,745** | **77,911** | **226,919** | **144,331** |

Nóta [a] Córais Bhainistíochta Imscrúdaithe Móra

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos maidir le haon cheangaltas mór inar tháinig athrú de bhreis ar €500,000 ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i gcomparáid le 2019.

**Sráid Chaoimhín**

*Laghdú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €3.342 milliún*

Tá an caiteachas athbhreithnithe measta iomlán ar Vóta 20: An Garda Síochána go príomha mar thoradh ar €3 mhilliún de mhaoiniú an tionscadail seo a bheith le soláthar faoi Vóta 13: OOP.

**Loch Garman**

*Laghdú ar chaiteachas ionchasach iomlán: €575,000*

Ba chostas measta é seo leis an tionscadal a chríochnú agus níor sáraíodh an buiséad ar deireadh thiar.

## 2.9 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Íocaíochtaí raidió dhigitigh náisiúnta | 7,383 | 8,278 |
| Íocaíochtaí TFC | 10,694 | 2,494 |
| Eile | 4,143 | 1,159 |
| | **22,220** | **11,931** |

## 2.10 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| TFC | 2,758 | 1,785 |
| Feithiclí a cheannach | 259 | 429 |
| Saintrealamh | 360 | 104 |
| Taisteal agus cothú | 1,117 | 2,059 |
| Breosla agus cothabháil | 1,047 | 943 |
| Seirbhísí stáisiúin | 1,418 | 1,655 |
| Conradh Go Safe | 1,199 | 1,124 |
| Stóráil agus oiliúint | 629 | 688 |
| Cumarsáid agus trealamh eile | 740 | 1,213 |
| Trealamh TFC | 124 | 68 |
| Éadaí | 934 | 211 |
| Coláiste | 195 | 425 |
| Eile | 3,199 | 2,151 |
| Cáin | — | 255 |
| | **13,979** | **13,110** |

## 2.11 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | — | — |

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an nGarda Síochána le roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim agus uainiú iarbhír na ndliteanas féideartha neamhchinnte.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuimsítear caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos i gClár A chun costálacha iomlána cláir a chur i láthair.

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,196,343 | | | |
| | | *Forlíontach* | 28,140 | | | |
| | | | | 1,224,483 | 1,225,552 | 1,137,561 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 17,019 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,497 | | | |
| | | | | 18,516 | 17,490 | 20,917 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,227 | | | |
| | | *Forlíontach* | 9,485 | | | |
| | | | | 24,712 | 25,479 | 24,413 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 40,447 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,260 | | | |
| | | | | 44,707 | 46,664 | 50,522 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 78,553 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,924) | | | |
| | | | | 74,629 | 73,351 | 57,404 |
| vi | Áitribh an Gharda Síochána a chothabháil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,642 | | | |
| | | *Forlíontach* | 300 | | | |
| | | | | 2,942 | 2,986 | 1,197 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 261 | | | |
| | | *Forlíontach* | 157 | | | |
| | | | | 418 | 602 | 634 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| viii | Seirbhísí stáisiúin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 20,301 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,876 | | | |
| | | | | 25,177 | 25,888 | 23,096 |
| ix | Cúltaca an Gharda Síochána | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,395 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,245) | | | |
| | | | | 150 | 105 | 126 |
| | | | | **1,415,734** | **1,418,117** | **1,315,870** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar cuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €17.019 milliún; toradh €17.49 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €471,000 ná costais bhreise a bhain le taisteal agus cothú a sholáthar do chomhaltaí an Gharda Síochána a bhí ag oibriú, go príomha ar oibríochtaí speisialta sa Choireacht Eagraithe agus Tromchoireacht, i Seirbhísí Náisiúnta an Gharda Síochána i dtaca le Coireacht agus Faisnéis Slándála agus in aonaid réigiúnacha tacaíochta faoi airm an Iarthuaiscirt.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €15.227 milliún; toradh €25.479 milliún*

Tharla an méadú €10.252 milliún go príomha mar gheall ar chostais a bhaineann leis na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre agus cineál éileamhbhunaithe go leor gnéithe den chatagóir seo. Ba iad na príomhthiománaithe costais ná costais tarraingthe agus stórála feithiclí de €3.198 milliún de bhreis ar an mbuiséad.

Bhí méadú €5.157 milliún ann ar chostais a bhaineann daoine a choinnítear, rud atá éileamhbhunaithe agus a bhaineann go príomha le táillí dochtúirí agus ateangairí. Bhí méadú de €2.125 milliún i gcaiteachas ilghnéitheach go príomha le cothabháil ainmhithe póilíní, táillí dlí, fruiliú agus costais chíosa. Áiríodh ar chaiteachas ilghnéitheach €370,000 i gcostais a bhaineann le Covid-19.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €40.447 milliún; toradh €46.664 milliún*

Íocaíocht a rinneadh maidir leis an gcóras raidió dhigitigh náisiúnta ba chúis leis an méadú €6.217 milliún.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar meastacháin €78.553 milliún; toradh €73.351 milliún*

Laghdú ar chaiteachas ar ghléasanna fótachóipeála, páipéarachas agus innealra oifige ba chúis leis an easnamh i gcaiteachas €5.202 milliún.

**vi Áitribh an Gharda Síochána a chothabháil**

*Soláthar meastacháin €2.642 milliún; toradh €2.986 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €344,000 ná caiteachas ar fhreastal ar riachtanais bhunriachtanacha chothabhála eastát an Gharda Síochána.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €261,000; toradh €602,000*

Tá an méadú €341,000 mar gheall ar chaiteachas de €158,000 ar sheirbhísí comhairleoireachta a cuireadh ar fáil do riar an Chiste Slándála Inmheánaí, rud a aisíoctar trí mhaoiniú deontais AE agus a chuirtear ar ais trí leithreasaí-i-gcabhair don Státchiste. Baineann an méadú atá fágtha le táillí gairmiúla as comhairle cánachais maidir le cúrsaí teicniúla agus fostóirí.

**viii Seirbhísí stáisiúin**

*Soláthar meastacháin €20.301 milliún; toradh €25.888 milliún*

Ba éard ba chúis leis an méadú €5.587 milliún ná roinnt gnéithe: baineann €1.113 milliún le hathchóiriú stáisiún, sainaonaid nua a bhunú agus oifigí a atheagrú chun scaradh sóisialta a éascú. Baineann €2.933 milliún le seirbhísí breise glanta agus le méaduithe ar phrasghanna agus baineann €685,000 go díreach le bearta Covid-19. Caitheadh €1.169 milliún ar sheirbhísí leighis an Gharda Síochána a sholáthar, rud a bhaineann leis an méadú ar líonta fostaithe agus le paindéim Covid-19. Baineann €372,000 le méadú ar tháillí fóntais.

**ix Cúltaca an Gharda Síochána**

*Soláthar meastacháin €1.395 milliún; toradh €105,000*

B'éard ba chúis leis an easnamh €1.29 milliún i gcaiteachas ar Chúltaca an Gharda Síochána ná nár baineadh spriocanna earcaíochta amach agus gur tháinig titim 51 chomhalta ar an líon Gardaí cúltaca idir 2019 agus 2020.

## Clár A Obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,196,343 | | | |
| | | *Forlíontach* | 28,140 | | | |
| | | | | 1,224,483 | 1,225,552 | 1,137,561 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 175,845 | | | |
| | | *Forlíontach* | 15,406 | | | |
| | | | | 191,251 | 192,565 | 178,309 |
| A.3 | Éadaí agus oiriúintí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 6,263 | | | |
| | | *Forlíontach* | 15,274 | | | |
| | | | | 21,537 | 22,287 | 5,537 |
| A.4 | Cumann Árachas Sláinte Naomh Pól an Gharda Síochána | | | 124 | 124 | 124 |
| A.5 | Iompar | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,554 | | | |
| | | *Forlíontach* | 9,161 | | | |
| | | | | 37,715 | 38,162 | 31,848 |
| A.6 | Cumarsáid agus trealamh eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 26,440 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,435 | | | |
| | | | | 30,875 | 31,047 | 32,236 |
| A.7 | Aerárthaí | | | 1,350 | 2,073 | 1,426 |
| A.8 | Aoisliúntas, etc. | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 355,761 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,000 | | | |
| | | | | 358,761 | 354,711 | 343,379 |
| A.9 | Costais finnéithe | | | 1,805 | 1,824 | 2,155 |
| A.10 | Cúiteamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 16,620 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,000) | | | |
| | | | | 12,620 | 11,992 | 14,977 |
| A.11 | Clár slándála finnéithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,198 | | | |
| | | *Forlíontach* | (798) | | | |
| | | | | 400 | 300 | 200 |
| A.12 | Clár tógála caipitil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 32,200 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,890 | | | |
| | | | | 37,090 | 24,227 | 13,832 |
| A.13 | Coláiste an Gharda Síochána | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 36,066 | | | |
| | | *Forlíontach* | (11,608) | | | |
| | | | | 24,458 | 22,950 | 32,458 |
| | | | | **1,942,469** | **1,927,814** | **1,794,042** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna a le hathruithe suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €49.245 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €45.929 milliún de seo le caiteachas riaracháin agus tugadh míniú cheana féin air agus ba iad na nithe seo a leanas ba phríomhchúis leis an gcuid eile den difríocht, mar atá €3.316 milliún:

**A.3 Éadaí agus oiriúintí**

*Soláthar meastacháin €6.263 milliún; toradh €22.287 milliún*

B'éard ba phríomhchúis leis an méadú €16.024 milliún ar chaiteachas bearta a tugadh isteach mar gheall ar phaindéim Covid-19. Infheistíodh €13.99 milliún i dtrealamh TCP chun comhaltaí agus foireann an Gharda Síochána a bhí ag tabhairt faoi sheirbhísí bunriachtanacha a chosaint i rith phaindéim Covid-19. B'éard ba phríomhchúis le €2 mhilliún ná caiteachas a bheith ní b'airde ná mar a bhí coinne leis ar éidí, sainéadaí agus ar oiriúintí.

**A.5 Iompar**

*Soláthar meastacháin €28.554 milliún; toradh €38.162 milliún*

Bhí an méadú €9.608 milliún ar chaiteachas mar gheall go príomha ar infheistíocht bhreise €7 milliún i bhfeithiclí a ceannaíodh in 2020. Úsáideadh na feithiclí seo den chuid ba mhó le chur ar chumas AGS láithreacht bhunriachtanach pobail a sholáthar i rith phaindéim Covid-19.

Baineann €1.386 milliún le feithiclí a fhruiliú i luathchéimeanna na paindéime, mar chuid den fhreagairt pobail do Covid-19. Chumasaigh an infheistíocht a rinneadh sa fhlít feithiclí fruilithe a thabhairt ar ais de réir a chéile.

Baineann €1.222 milliún le costais ghaolmhara bhreosla, chothabhála agus ilghnéitheacha de bharr mhéid mhéadaithe an fhlít agus úsáid an fhlít ó tosaíodh paindéim Covid-19.

**A.6 Cumarsáid agus trealamh eile**

*Soláthar meastacháin €26.44 milliún; toradh €31.047 milliún*

Tharla an méadú €4.607 milliún ar chaiteachas mar gheall ar roinnt tosca; infheistíodh €2.64 milliún de i stórthaí arm tine. Caitheadh €500,000 ar threalamh nua luais léasair. Den chuid is mó, tháinig an farasbarr de thart ar €1.467 milliún as caiteachas a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ar threalamh cumarsáide agus oibríochta agus tá riachtanas gaolmhar ag an méid mhéadaithe flít le raidiónna Tetra do na feithiclí. Caitheadh €300,000 go díreach ar chaiteachas a bhaineann le Covid-19.

**A.7 Aerárthaí**

*Soláthar meastacháin €1.35 milliún; toradh €2.073 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €723,000 ar chaiteachas ná costais mhéadaithe chothabhála agus deisiúcháin héileacaptair an Gharda Síochána. Tá an dá héileacaptar de chuid an Gharda Síochána imithe in aois go maith faoi láthair agus bíonn costais bhreise chothabhála le híoc dá bharr.

**A.8 Aoisliúntas, etc.**

*Soláthar meastacháin €355.761 milliún; toradh €354.711 milliún*

Paindéim Covid-19 ba chúis leis an easnamh €1.05 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin, go pointe áirithe, mar gheall nach ndeachaigh an líon comhaltaí ar scor a raibh súil leis.

**A.10 Cúiteamh**

*Soláthar meastacháin €16.62 milliún; toradh €11.992 milliún*

Cineál dothuartha agus suimeanna an chúitimh a dámhadh, agus uainiú cásanna mar gheall ar bhearta Covid-19 ba chúis leis an easnamh €4.628 milliún.

**A.11 Clár slándála finnéithe**

*Soláthar meastacháin €1.198 milliún; toradh €300,000*

Ba é ba chúis leis an easnamh €898,000 ar chaiteachas ná cineál an fho-mhírchinn seo, ar deacair leibhéal agus uainiú an chaiteachais a thuar dó.

**A.12 Clár tógála caipitil**

*Soláthar meastacháin €32.2 milliún; toradh €24.227 milliún*

Ba mhoilleanna ar oibreacha tionscadail chaipitil ba chúis leis an easnamh €7.973 milliún i gcaiteachas. D’imir na bearta sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm i rith 2020 tionchar ar dhul chun cinn i measc thionscadail chóiríochta éagsúla an Gharda Síochána.

**A.13 Coláiste an Gharda Síochána**

*Soláthar meastacháin €36.066 milliún; toradh €22.95 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh €13.116 milliún i gcaiteachas ná costais phá-choibhneasa €8.293 milliún a cuireadh i gcuntas i bhFo-mhírcheann A.1 (tuarastail, pá agus liúntais), agus míreanna neamhphá €4.823 milliún. Léirítear i gcoigilteas 2020 tionchar phaindéim Covid-19 ar oiliúint agus ath-leithdháileadh foirne. D’imir an iontógáil laghdaithe earcaithe in 2020 agus na tréimhsí laghdaithe a chaith oiliúnaithe Garda sa Choláiste tionchar ar chaiteachas faoi A.13.

# 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Ranníocaíocht le scéimeanna pinsean an Gharda Síochána do chéilí agus leanaí | | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,278 | | | | |
| | *Forlíontach* | 1,049 | | | | |
| | | | | 12,327 | 12,628 | 11,911 |
| 2 | Ranníocaíocht le scéim pinsean an Gharda Síochána | | | | | |
| | *Bunaidh* | 21,528 | | | | |
| | *Forlíontach* | 2,721 | | | | |
| | | | | 24,249 | 24,626 | 22,909 |
| 3 | Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2). | | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | 4,875 | | | | |
| | | | | 15,875 | 15,762 | 17,458 |
| 4 | Fáltais Choláiste an Gharda Síochána | | | | | |
| | *Bunaidh* | 600 | | | | |
| | *Forlíontach* | (466) | | | | |
| | | | | 134 | 190 | 955 |
| 5 | Táillí airm thine | | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | 716 | | | | |
| | | | | 3,716 | 3,968 | 10,663 |
| 6 | Ceamaraí sábháilteachta – fáltais áirithe ó mhuirir sheasta | | | 14,200 | 14,593 | 14,668 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | | |
| | *Bunaidh* | 34,382 | | | | |
| | *Forlíontach* | 10,680 | | | | |
| | | | | 45,062 | 45,470 | 42,724 |
| | | | | **115,563** | **117,237** | **121,288** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €21.249 milliún ní ba mhó ná an meastachán. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

**1 Ranníocaíocht le scéimeanna pinsean an Gharda Síochána do chéilí agus leanaí**

*Meastachán €11.278 milliún; réadaithe €12.628 milliún*

Méadú ar an líon Gardaí a bhí ag fónamh agus an méadú foriomlán in 2020 ar chostais phárolla, ónar eascair ranníocaíochtaí ní b'airde, ba chúis leis an méadú €1.35 milliún.

**2 Ranníocaíocht le scéim pinsean an Gharda Síochána**

*Meastachán €21.528 milliún; réadaithe €24.626 milliún*

Méadú ar an líon Gardaí a bhí ag fónamh agus an méadú foriomlán in 2020 ar chostais phárolla, ónar eascair ranníocaíochtaí ní b'airde, ba chúis leis an méadú €3.098 milliún.

**3 Fáltais ilghnéitheacha**

*Meastachán €11 mhilliún; réadaithe €15.762 milliún*

Ba é ba phríomhchúis leis na fáltais bhreise €4.762 milliún ná fáltais ó chrainn a fháil ar cíos ag an nGarda Síochána a chosain €1.79 milliún agus suim €1.89 milliún ó urghabháil a tugadh suas don stát.

**4 Fáltais Choláiste an Gharda Síochána**

*Meastachán €600,000; réadaithe €190,000*

Ba é ba chúis leis an easnamh €410,000 go raibh an coláiste dúnta mar thoradh ar Covid-19 agus dliteanas CBL €269,000 a íoc.

**5 Táillí airm thine**

*Meastachán €3 mhilliún; réadaithe €3.968 milliún*

Uainiú fáltas ba chúis leis an méadú €968,000.

**7 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €34.382 milliún; réadaithe €45.47 milliún*

Méadú ar an líon comhaltaí agus ball foirne de chuid an Gharda Síochána a bhí ag fónamh, agus an méadú ar chaiteachas párolla, ónar eascair méadú ar ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise, ba chúis leis an méadú €11.088 milliún.

## 4.2 Anailís ar fháltais ilghnéitheacha

| | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí i leith seirbhísí dualgais neamhphoiblí a chuir Gardaí ar fáil | 3,222 | 5,910 |
| Aisíocaíochtaí i leith réamhíocaíochtaí gluaisteáin | 4 | 2 |
| Aisghabháil i leith díobháil a rinneadh d'fheithiclí oifigiúla agus do mhaoin eile an Gharda Síochána | 11 | 48 |
| Fáltais ó fheithiclí athláimhe, seanstóthar, maoin fhorghéillte agus maoin neamhéilithe a dhíol | 2,540 | 645 |
| Táillí i leith tuairiscí timpiste agus díobhála mailísí | 628 | 757 |
| Ranníocaíocht le háiteanna cónaithe | 44 | 42 |
| Costais finnéithe a fhorchúiteamh | 1 | 2 |
| Tuarastail a fhorchúiteamh | 44 | 52 |
| An muirear céatadánach ar chomhlachtaí árachais as préimheanna árachais a bhailiú | 98 | 104 |
| Fáltais ó AE | 875 | 3,369 |
| Táillí ceadúnais tacsaí | 207 | 251 |
| An tAcht um Thrácht ar Bhóithre – táillí a gearradh as cionta tiomána | 2,741 | 2,529 |
| Táillí méarlorg chun críocha fostaíochta agus víosa | 67 | 80 |
| Crainn an Gharda Síochána | 2,801 | 1,052 |
| Dliteanas iompróra | 757 | 865 |
| Cártaí aoise | 162 | 213 |
| Earraí neamhrangaithe | 1,560 | 1,537 |
| | **15,762** | **17,458** |

## 4.3 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 842 | 1,144 |
| Suim a bailíodh | 4,524 | 5,000 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (3,636) | (5.302) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **1,730** | **842** |

## 4.4 Fáltais ó fhógraí muirir sheasta

B'ionann na fáltais iomlána ó fhógraí muirir sheasta in 2020 agus €19.113 milliún (2019: €19.688 milliún). As seo, coimeádadh €14.59 milliún (2019: €14.668 milliún) chun conradh Go-Safe a mhaoiniú. As an iarmhéid €4.524 milliún, íocadh €3.636 milliún (2019: €5 mhilliún) leis an Státchiste in 2020, agus aistríodh an chuid eile in 2021.

# Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana: | | |
| Comhaltaí an Gharda Síochána | 14,491 | 14,307 |
| Oiliúnaithe Garda | 153 | 405 |
| Baill foirne an Gharda Síochána | 3,113 | 2,945 |
| | **17,757** | **17,657** |

## 5.2 Pá[a]

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 839,369 | 782,086 |
| Íocaíocht ex gratia – nóta 5.6 | 1,753 | — |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 375 | 431 |
| Liúntais eile | 202,263 | 181,031 |
| Ragobair | 98,958 | 106,942 |
| ÁSPC an Fhostóra | 100,541 | 90,981 |
| **Pá iomlán** | **1,243,259** | **1,161,471** |

Nóta [a] Áirítear leis seo pá don fhoireann a bhí fostaithe i gColáiste an Gharda Síochána, a ghearrtar ar fho-mhírcheann A.13.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2020** | **2019** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 206 | 4 | 48,437 | 40,123 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 15,072 | 3,025 | 52,953 | 55,086 |
| Liúntais sealoibre agus uainchláir | 14,772 | 10,638 | 59,040 | 47,848 |
| Ilghnéitheach | 14,954 | 212 | 96,075 | 77,126 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 14,714 | 13,245 | 110,401 | 81,588 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh deichniúr státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu chun dualgais éagsúla a dhéanamh ar chostas iomlán €165,544. Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra ar scor i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí párolla | 1,242 | 2,237 | 2,022 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 872 | 1,461 | 1,070 |
| Ró-íocaíochtaí pinsin | 366 | 873 | 790 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 36 | 241 | 281 |

Nóta Tá na figiúirí thuas carnach agus áirítear leo ró-íocaíochtaí a rinneadh i mblianta roimhe seo agus nár aisíocadh go fóill. Rinneadh ró-íocaíocht amháin ar a raibh luach €6,398 le ball foirne de chuid an Gharda Síochána a dhíscríobh in 2020.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Rinneadh comhaontú ar phacáiste iomarcaíochta agus chuir an Garda Síochána ar tairiscint é. Rinneadh scaoilíocaíochtaí dar luach iomlán €1,752,877 in 2020.

| Céim/Grád | Líon na bhfaighteoirí | Scaoilíocaíochtaí € | Blianta breise de sheirbhís bharúlach | Pinsean a íoc go luath gan aon laghdú achtúireach (blianta) |
|---|---|---|---|---|
| Coimisinéir Cúnta/Ard-Cheannfort | 8 | 484,322 | — | — |
| Ceannfort | 26 | 1,268,555 | — | — |
| Iomlán | **34** | **1,752,877** | — | — |

## 5.7 Ciste Luach Saothair an Gharda Síochána

Is é cuspóir an Chiste dámhachtainí a íoc i ngeall ar chrógacht Gardaí agus ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh le haghaidh sheirbhísí séiplíneachta an Gharda Síochána ó airgead a fuarthas maidir le fíneálacha araíonachta an Gharda Síochána.

Léirítear sa ráiteas seo a leanas na fáltais iomlána a gearradh ar an gCiste i gceart sa bhliain, suim na n-íocaíochtaí sa tréimhse agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na bliana.

| | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid a tugadh anonn an 1 Eanáir | 491 | 475 |
| Fáltais | 59 | 45 |
| Íocaíochtaí | (64) | (29) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **486** | **491** |

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheaptha | Caiteachas carnach suas go deireadh 2020 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Binse um Nochtaí Cosanta [a] | 2017 | 3,700 | 801 | 801 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson [b] | 2018 | 49 | 3 | 42 |
| | | | **804** | **843** |

Nótaí

[a] Bunaíodh an Binse um Nochtaí Cosanta chun imscrúdú a dhéanamh ar nochtaí cosanta a rinneadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, agus nithe áirithe eile. Is ionann na costais a thabhaítear agus costais le haghaidh ionadaíocht dhlíthiúil do chomhaltaí an Gharda Síochána atá ag fónamh agus atá ar scor. Tabhaítear costais an Bhinse féin faoin Vóta le haghaidh Dlí agus Cirt.

[b] Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson chun imscrúdú a dhéanamh ar an bhfreagairt do líomhaintí a rinneadh gur baineadh drochúsáid ghnéasach as leanbh ainmnithe.

## 6.2 Ráiteas faoi chaillteanas (feithiclí an Gharda Síochána, etc.)

Tugadh 641 timpiste, ar an iomlán, le fios in 2020 ina raibh baint ag feithiclí an Gharda Síochána (2019: 561). B'ionann costas na díobhála a rinneadh d'fheithiclí oifigiúla agus costais eile agus €1,018,507. Aisghabhadh cúiteamh arbh fhiú €98,649 san iomlán é.

## 6.3 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon na gcásanna | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Calaois | — | — | — |
| Calaois amhrasta | 7 | 2 | 15 |

Nóta Braitheadh/líomhnaíodh seacht gcás calaoise in 2020 a bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag an nGarda Síochána orthu faoi láthair (2019: 11).

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

Áirítear leis an gcuntas caiteachas maidir le costais dlí agus dámhachtainí cúitimh ar ghlac comhaltaí agus fostaithe an Gharda Síochána agus daoine den phobal leo.

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Costais dlí a dámhadh** | **Costais eile a dámhadh** [a] | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó chomhaltaí agus fostaithe an Gharda Síochána** [b] | | | | | | |
| Faoi Achtanna an Gharda Síochána (Cúiteamh), 1941-1945 | 129 | 2,705 | 1,859 | — | 4,564 | 7,738 |
| Tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i ngeall ar chomhaltaí a gortaíodh agus | 50 | 592 | 247 | 35 | 874 | 340 |
| **Éilimh shibhialta ó dhaoine den phobal** | | | | | | |
| Éilimh a d'eascair as gníomhartha Gardaí agus iad ag | 136 | 2,981 | 1,967 | 27 | 4,975 | 4,817 |
| Éilimh (éilimh óchomhaltaí an Gharda Síochána san áireamh) a d'eascair as timpistí ina | 196 | 1,066 | 364 | 64 | 1,494 | 1,986 |
| | | **7,344** | **4,437** | **126** | **11,907** | **14,881** |

Ag an 31 Nollaig 2020

- Bhí 1,520 éileamh fós le réiteach faoi Achtanna an Gharda Síochána Cúiteamh (2019: 1,462)
- Bhí 279 n-éileamh shibhialta le réiteach go fóill a bhain le timpistí ina raibh baint ag feithiclí an Gharda Síochána (2019: 276)
- Bhí 3,338 n-éileamh shibhialta, seachas iad siúd a bhain le feithiclí an Gharda Síochána, le réiteach go fóill (2019: 1,327)

Nóta

a Baineann costais eile a dámhadh le táillí gníomhaireachta, táillí imscrúdaitheora agus táillí leighis, etc.

b Íocadh íocaíochtaí cúitimh arbh ionann iad agus €85,238 (2019: €96,822) de bhun na Scéime Sochar Díobhálacha Ceirde, a riartar tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní chuirtear na híocaíochtaí seo san áireamh sa tábla thuas.

c Is féidir go n-áirítear leis seo páirtíocaíochtaí a rinneadh i gcaitheamh roinnt blianta do chásanna aonair.

## 6.5 Maoiniú ó AE

Bhí sé thionscadal déag arna maoiniú ag AE ar siúl in 2020. B'ionann a leanas na cistí a fuarthas sa bhliain:

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Atlas 2020 | — | 111 |
| Ciste Slándála Inmheánaí | 874 | 3,101 |
| BroadWay | — | 14 |
| PROTAX | — | 25 |
| Pericles | — | 6 |
| ROXANNE | 77 | 77 |
| MAGNETO | 50 | 57 |
| QROC | — | 57 |
| InspectR | — | 200 |
| Proactive | — | 216 |
| City Cop | — | 29 |
| Safe Ci | — | 9 |
| CEPOL | — | 65 |
| GRACE | 121 | — |
| JUSTISIGNS 2 | 4 | — |
| ADEP 2.0 | 238 | — |
| | **1,364** | **3,967** |

Is é is **Atlas 2020** ann ná tionscadal a bhfuil i gceist leis tacú le gníomhaíochtaí an líonra thrasnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí.

- An Chéad Ionad Sármhaitheasa de chuid ATLAS a bhunú i dtaobh sárú eitleán (AIRCRAFT).
- Tacaíocht fheabhsaithe leighis a thabhairt d'íospartaigh agus dár bhfórsaí féin i limistéir dhoicheallacha (MEDIC).
- Scileanna agus cineálacha chur chuige feabhsaithe oirbheartaíochta chun cur in aghaidh teagmhas i gceantair uirbeacha (BUILDINGS).
- Cumas Aonad Speisialta Idirghabhála (SIUnna) a fheabhsú chun déileáil le rioscaí a bhaineann le dróin agus róbait (INOVATION).
- Feabhas a chur ar choincheapa um aimsitheoirí a imlonnú in oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta (SNIPER).
- Modhanna a fhorbairt chun earraí agus foirgnimh a shárú (ENTRY).
- Modhanna dea-chleachtais a fhorbairt chun cumas idirbheartaíochta a chomhtháthú i rith oibríochtaí Frithsceimhlitheoireachta (NEGO).
- Feabhas a chur ar an gcomhoibriú idir Aonaid Speisialta Idirghabhála i gcás oibríochtaí a bhaineann le modhanna iompair phoiblí (TRANSPORT).

**An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF):** cur chun feidhme straitéise slándála inmheánaí, comhoibriú maidir le forfheidhmiú an dlí agus bainistiú teorainneacha seachtracha AE a chur chun cinn. Tá an ciste dírithe ar dhá chuspóir ar leith ó 2014 go 2020:

- An choireacht a chomhrac: coireacht trasteorann, tromchoireacht agus coireacht eagraithe a chomhrac, an sceimhlitheoireacht san áireamh, agus comhordú agus comhoibriú a neartú idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis náisiúnta eile stáit AE, EUROPOL agus comhlachtaí ábhartha eile AE, agus eagraíochtaí ábhartha neamh-AE agus idirnáisiúnta san áireamh.
- Rioscaí agus géarchéimeanna a bhainistiú: barr feabhais a chur ar chumas stáit AE agus an aontais chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí agus géarchéimeanna a bhaineann le slándáil, agus ullmhú chun daoine agus príomhbhonneagar a chosaint ar ionsaithe sceimhlitheoireachta agus bagairtí eile a bhaineann le slándáil.

**BroadWay:** De réir riachtanais thionscadal BroadMap, córas píolótach a chruthú ó roinnt córas fréamhshamhla a imlonnaíodh le hoibriú idir-inoibritheach a léiriú trasna teorainneacha sna suíomhanna seo a leanas – fánaíocht teorann talún, cianfhánaíocht, grúpaí cumarsáide agus gach teagmhas a thiteann amach i dtíortha atá ceangailte leo.

Tionscadal é **Pericies** chun cur in aghaidh radacú agus antoisceachas foréigneach agus cosc a chur orthu, agus díriú ar leith ar thacú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí.

**PROTAX**: Tionscadal é ‘Modhanna Nua le hÉilliú agus Coireacht Chánach in AE a Chosc, a Imscrúdú agus a Mhaolú’ chun cur le Samhail Slándála Eorpach a chuireann réitigh ar fáil chun coireanna cánach a chosc agus a ionchúiseamh. Tá sraitheanna straitéisí le forbairt don lucht déanta beartas slándála, gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus údaráis chánach.

Tionscadal é **ROXANNE** a chuireann leis an sprioc a bhaineann le líonraí coiriúla a aimsiú agus a mbaill a shainaithint trí láidreachtaí na dteicneolaíochtaí urlabhra agus teanga (TUTanna), na hanailíse amhairc (AA) agus na hanailíse ar líonraí (AL) a cheangal.

Tionscadal é **MAGNETO** atá dírithe ar theicneolaíocht a chruthú lena gcuirfear ar chumas gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí anailís a dhéanamh ar ilmheáin agus iad a chur i gcomhchoibhneas chun coireacht eagraithe a chosc agus a imscrúdú.

Tionscadal é **QROC** a bhfuil mar chuspóir leis riachtanais agus dea-chleachtas a roinnt agus acmhainn cumarsáide a fhorbairt idir na hIonaid Náisiúnta Oibríochtaí um Fhorfheidhmiú an Dlí (NOC) chun sonraí oibríochtúla a chomhroinnt agus a fháil go tapa trasna teorainneacha maidir le bagairtí sceimhlitheoireachta.

Tionscadal é **InspectR** (Líonra Faisnéise agus Ardán Slán chun Fianaise a Chur i gCoibhneas agus a Aistriú agus TransfeR) chun ardán comhroinnte faisnéise agus próiseas a fhorbairt chun príomhshonraí a bhailiú, a anailísiú, a chur i láthair agus tús áite a thabhairt dóibh chun cabhrú leis an gcoireacht a thuar, a bhrath agus a bhainistiú chun tacú le gníomhaireachtaí éagsúla ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tionscadal é **Proactive** a bhaineann le hullmhacht in aghaidh bagairtí CBRNE trí chineálacha cur chuige comhchoiteanna idir cleachtóirí slándála agus an tsochaí shibhialta leochaileach.

Tionscadal é **City Cop** a bhaineann le taighde a dhéanamh ar chomóntacht agus ar dhea-chleachtais a úsáideann aipeanna rathúla póilíneachta pobail ar fud an domhain agus tá mar chuspóir leis réiteach uathúil Eorpach, aip do ghutháin chliste agus tairseach ar líne san áireamh, a tháirgeadh lena chur chun feidhme i ngach cathair Eorpach, agus a “bhlas áitiúil” á chothú go fóill.

Tionscadal dhá bhliain is ea **Safe Ci** (Spás Níos Sábháilte do Chathracha Níos Sábháilte) a bhfuil de chuspóir aige feabhas a chur ar spásanna poiblí, ceantair uirbeacha agus spriocanna boga eile a chosaint trí dhea-chleachtas a mhalartú.

Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh é **CEPOL** atá tiomnaithe d'oiliúint le haghaidh oifigigh forfheidhmithe dlí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chomhordú. (Cuireadh cúrsaí ar ceal in 2020 mar thoradh ar Covid-19).

Tionscadal é **GRACE** a bhaineann le sonraí fóiréinseacha a bhailiú, a aicmiú, a phróiseáil agus a anailísiú agus le heolas a mhalartú go mear, le tacaíocht ó ardalgartaim faoi chumhacht intleachta saorga, chun an bhearna theicneolaíochta a dhúnadh le ciontóirí agus feabhas mór a chur ar éifeachtúlacht i dtaobh dul i ngleic le cásanna a bhaineann le teacht i dtír gnéasach ar leanaí. Tá mar chuspóir ag GRACE, ach go háirithe, insreabhadh atreoruithe ábhar teachta i dtír ghnéasaigh ar leanaí (CSEM) ó Oifig na Paiteolaí Stáit ar líne a chomhrac, réitigh mórshonraí a sholáthar le haghaidh ETL sonraí (Baint, Claochlaigh agus Ualú), agus é mar chuspóir freisin bainistíocht ábhar a chaighdeánú.

Tionscadal taighde laistigh den phobal bodhar é **JUSTSIGN 2,** ina ndéantar imscrúdú ar eispéiris íospartach foréigin ghnéasaigh agus na coireachta nuair a dhéanann siad idirghníomhú leis na póilíní agus an próiseas dlíthiúil. Cuireann seo le hiarthionscadal JUSTISIGNS.

Tionscadal é Próiseas Malartaithe Sonraí Uathoibrithe (**ADEP**) i dtaobh dul i ngleic le bearnaí gan aon éilimh mhóra airgeadais, forbartha TF nó acmhainní daonna a chur ar na Ballstáit.

## 6.6 Tacaíocht do chumainn ionadaíocha

Tá €198,557 (2019: €293,492) san iomlán curtha san áireamh i bhfo-mhírcheann A.1 maidir le luach saothair chomhaltaí an Gharda Síochána a bhí ar shaoire speisialta agus pá á fháil acu i gcomhlachtaí ionadaíocha foirne nó a bhí sannta d'eagraíochtaí leasa.

Ina theannta sin, fuair comhlachais ionadaíocha maoiniú €303,907 in 2020 (2019: €302,002) mar seo a leanas:

| **Cumainn ionadaíocha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Deontas do Chumann Cheannfoirt an Gharda Síochána | 58,000 | 58,000 |
| Deontas do Chumann na nArd-Cheannfort | 58,000 | 58,000 |
| Suimeanna a gearradh ar chomhlachtaí ionadaíocha foirne agus ar eagraíochtaí eile leasa chun seirbhísí poist, teileachumarsáide agus cóiríochta a sholáthar. | 187,907 | 186,002 |